Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Aibreán 2022
(OR. en)

8154/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0108 (NLE)

PECHE 116
N 20

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad |

**RIALACHÁN (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle[1], socraíodh le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

(2) Le Rialachán (AE) 2022/109, bunaíodh, don chéad ráithe in 2022, cuóta sealadach de chuid an Aontais de 4 500 tona le haghaidh soithí an Aontais a bhíonn ag iascaireacht trosc (*Gadus morhua*) in uiscí Spitzbergen (Svalbard) agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES). Le Rialachán (AE) 2022/515 ón gComhairle[2], cuireadh síneadh le tréimhse chur i bhfeidhm an chuóta shealadaigh sin de chuid an Aontais go dtí an 30 Aibreán 2022.

(3) Ó tugadh i gcrích an plé foirmiúil leis an Iorua ar chomhthuiscint pholaitiúil i ndáil leis an iascach i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES, is iomchuí go socródh an Chomhairle cuóta an Aontais don trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta fholimistéar 1 agus roinn 2b le haghaidh 2022 dá réir, chun é a chur in ionad chuóta sealadach an Aontais a rachaidh in éag ag deireadh mhí Aibreáin 2022.

---

1 Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2022/515 ón gComhairle an 31 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 104, 1.4.2022, lch. 1).

(4) Ba cheart aon chuóta a leithdháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle[1], agus le sciar na Polainne de chuóta an Aontais, agus faoi réir na n-oiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/109 a leasú dá réir.

(6) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/109 ón 1 Eanáir 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo a bhainnean le treorainneacha gabhála ón dáta sin freisin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh a chosaint toisc go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta lena mbaineann. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála do throsc i limistéar Spitsbergen agus Oileán na mBéar a leithdháileadh agus i Roinn 3M mar atá sainithe i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29).

*Airteagal 1*

*Leasú ar Rialachán (AE) 2022/109*

In Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú tábla:

'

| Speiceas: | An trosc<br>*Gadus morhua* | | Limistéar: | 1 agus 2b<br>(COD/1/2B.) |
|---|---|---|---|---|
| An Ghearmáin | 4 208 | (1)(2) | TAC anailíseach<br><br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.<br><br>Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Spáinn | 9 688 | (1)(2) | | |
| An Fhrainc | 1 775 | (1)(2) | | |
| An Pholainn | 1 829 | (1)(2) | | |
| An Phortaingéil | 2 019 | (1)(2) | | |
| Ballstáit eile | 297 | (1)(2)(3) | | |
| An tAontas | 19 636 | (1)(2) | | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | | |
| (1) | Tá cionroinnt sciar an stoic troisc atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitsbergen agus Oileán na mBéar agus na foghabhálacha gaolmhara cadóg gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920. | | | |
| (2) | Féadfaidh suas le 14 % de gach dola a bheith ina fhoghabhálacha cadóg. Tá na cainníochtaí foghabhálacha cadóg sa bhreis ar na cuótaí troisc. | | | |
| (3) | Seachas an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (COD/1/2B_AMS). | | | |

'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*